

Scéal ag Am Luí
Big Bedtime Read

Beidh muid ag leanstan ar aghaidh leis an chlár Scéal ag Am Luí **do pháistí naíscoile ach beidh cuma difriúil air i mbliana. Cuirfidh Bríd sonraí chugaibh roimh i bhfad ach bíodh an seacláid the reidh agaibh!**
Ar an ábhar nach raibh Rang 1 in ann tairbhe ceart a bhaint as an chlár anuraidh
déanfaidh Daniel cúpla oíche chomh maith agus gheobhaidh sibh níos mó sonraí uaidh go luath.
We will be continuing with the **Big Bedtime Read** programme for nursery children but as with everything this year it will take a different format. Bríd will send you details soon but in the meantime have the hot chocolate on the ready!

As Rang 1 children missed out on

gaining the full benefits of this

programme last year Daniel will also do a Big Bedtime Read and will send Rang 1 parents details soon.



Oíche Shamhna
Halloween



Beidh cead ag na páistí gléasadh suas ar an Aoine 23 Deireadh Fómhair. Ar an drochuair , cosúil le gach rud ar scoil i mbliana, ní bheidh an scoil in ann teacht le chéile ag Dioscó na Samhna mar a dhéanann muid de ghnáth.
Déanfaidh gach rang rud éigin taobh istigh de bholgan s'acu féin, áfach, agus féidearthacht mhaith ann go mbeidh dioscó beag againn ag an tionól ar line!!
Iarrtar ar pháistí £2 a íoc le cur le ciste Accelerated Reader na scoile.



Children can dress up for Halloween on Friday 23 October. Unfortunately, we won't be able to come together for a Halloween Disco but every class will celebrate within their own bubbles and there's every chance we'll give a disco at our online assembly a go!!
Children are asked to pay £2, payable on Parent Pay, to add to the school's Accelerated Reader fund.




Sos Leath-théarma Mid-term Break

Beidh an scoil druidte don sos leath -théarma ón 26/10/20– 30/10/20.
The school will be closed for the mid-term break from 26/10/20– 30/10/20.

Beidh páistí R3 ag fanacht ar scoil go dtí 15:00 i ndiaidh na Samhna.
Parents are reminded that R3 remain in school until 15:00 after Halloween.





MÚINTEOIRÍ AINMNITHE DO CHOSAINT PHÁISTÍ
DESIGNATED TEACHERS FOR CHILD PROTECTION

Designated Teacher for Protection of Children: Caitríona Nic an tSaoir
Deputy Designated for Protection of Children: Eiméid Ó Raifeartaigh. The school Child Protection Policy may be accessed on the school website www.gaelscoilantseanchai.com
Is í Caitríona Nic an tSaoir an múinteoir ainmnithe do Chosaint Páistí agus Chúram Tréadach sa scoil agus is é Eiméid Ó Raifeartaigh an múinteoir ainmhnithe cúnta sa scoil. Má bhíonn ábhar buairimh ar bith ort a bhaineann leis sin is féidir teagmháil a dhéanamh leo sa scoil. Is í Bríd Uí Choinn an múinteoir ainmnithe sa naíscoil.
Caitríona Nic an tSaoir is the designated Child Protection and Pastoral Care officer in the school, Eiméid Ó Raifeartaigh is the deputy designated officer.

Please contact the appropriate officer if you have any concerns relating to such issues.

Bríd Uí Choinn is the designated teacher in the nursery.

Polasaithe Scoile School Policies

Tá muid ag dul d'athbhreithniú ar pholasaithe na scoile faoi láthair. Ba mhaith liom go raibh grúpa tuismitheora mar chuid den phróiséas sin. Má tá suim agat ann fág do chuid sonraí san oifig, le do thoil.
Bord Ghobharnóirí na scoile atá freagrach as polasaithe na scoile a dhaingniú, áfach.

We are currently in the process of reviewing a number of school policies. I would like to invite a team of parents to have an input in to this review . If you are interested please leave your details in the school office.
Please be advised, however, that it is the Board of Governors of the school that ratify all school policies.



CRUINNIÚ CURACLAM
CURRICULUM MEETING

Ar an ábhar nach dtig linn cruinnithe curaclaim a dhéanamh i mbliana cuirfidh múinteoir do pháiste chugat treoir don fhoghlaim agus don teagasc a tharlóidh i mbliana.Tá fáilte romhat dul i dteagmhail linn ma bhíonn ceisteanna ar bith agat.


As we are unable to hold Curriculum Meetings this year class teachers will instead send you an outline of the planned teaching and learning for your child this year.

Please feel free to contact us if you have any questions.

TRAENÁIL FÓNAICE PHONICS TRAINING
There will be a Zoom Phonics Training session for parents of children in R1-3 on Wednesday 14 October at 15:30. This is an opportunity for parents unfamiliar with Phonics to learn a little about it and receive information which will help you support your child's learning at home. You will be sent the meeting details through the Class Dojo.

AG PLÉ BUAIRIMH

DISCUSSING CONCERNS



Má bhíonn ábhar buairimh ort maidir le do pháiste thig dul i dteagmháil le múinteoir do pháiste le linn uaireanta scoile ar Dojo nó scairt a chur ar Rosaleen san oifig le scairt guthán a iarraidh.

If you have any concerns about your child, please contact your child's teacher on the Class Dojo in non-contact school hours or alternatively request a call back by phoning Rosaleen in the office. Unfortunately, as per Restart Guidance, teachers are unable to accommodate face to face meetings at this time.

CUIMHNIGÍ LE BHUR DTOIL!

PLEASE REMEMBER!



Cuimhnigí le bhur dtoil leabhair léitheoireachta a chur ar ais chun na scoile gach Aoine ionas go mbeidh siad réidh le húsáid ar an Luan arís. Go raibh maith agaibh as cuidiú linn leis seo.

Please remember to return reading books every Friday so they're ready for use on a Monday. Thank you for helping us with this.

Míola Cinn


Headlice

Cuireann Treoirlínte Sláinte freagracht ar thuismitheoirí tabhairt faoi mhíola cinn. Ag teacht leis na treoracha sin, ní chuirfidh an scoil 'Litreacha Fóláirimh'amach. Sin ráite, tá mé ag impí ort seic rialta a dhéanamh ar ghruaig do pháiste nó tá cuma ar an scéal gurb iad na páistí céanna sa scoil is cúis leis an fhadhb. Is féidir cóir leighis éifeachtach a fháil ag gach cógaslann fríd an scéim 'Mion-easláinte'agus iarraim ort leas a bhaint as an scéim sin.



Health Guidelines now place the responsibility for the identification, treatment and prevention of head lice with parents. In accordance with these guidelines 'Alert Letters' will not be sent out by the school. However, I am urging you to please check your child's hair on a regular basis as it appears the same children in the school are causing the spread of head lice. Effective treatment may be obtained through the Minor Ailments Scheme in all chemists free of charge and I am kindly asking you to avail of this scheme if required.

ONCE A WEEK, TAKE A PEEK!! ONCE A WEEK, TAKE A PEEK!!



Socrú Isteach sa Naí-Aonad
Nursery Settling –In

Beidh tús curtha le cruinnithe ionduchtaithe an seachtain dár tús an Luan 12 Deireadh Fómhair.
Induction Review Meetings will begin in the Naí-Aonad the week beginning Monday 12 October. As per Restart Guidance these meetings will be held on the phone and Bríd will allocate a time for you to expect your phone call.



Coinnigh súil ar shuíomh na scoile!
Keep an eye on the school website!
www.gaelscoilantseanchai.com




VACSAÍN FLIÚ FLU VACCINE



Gheobhaidh páistí, a bhfuil foirmeacha sínithe tughta ar ais acu, an vacsaín fliú ar an 14 Deireadh Fómhair
Children who have returned their signed forms will receive the flu vaccine on Wednesday 14 October .

EADAÍ
Caithfidh muid cinntiú, a oiread agus is féidir, go mbíonn aer glan ag dul thart an tseomra ranga agus go mbíonn fuinneoga oscailte i rith an ama. De réir mar a éiríonn an aimsir níos fuaire molaim duit éadaí sa bhreis a chur ar do pháiste ionas nach n-éiríonn sé/sí fuar.
We must ensure fresh air is circulating around classrooms and leave windows open. As the weather gets colder I would advise that you layer your child's clothing so that they don't get cold.

BIA FOLLÁIN
HEALTHY FOOD



Our Healthy Eating Policy is available to view on the school website. Please ensure that your child is abiding by the school's Healthy Eating Policy and remember we are a **nut free** and healthy eating zone— only one small treat for lunch on a Friday! No sweets or crisps are allowed on any other day and children are encouraged to drink only milk or water. It is much easier for the children if this policy is adhered to by all.

GRIANGHRAF SCOILE SCHOOL PHOTOGRAPH

Beidh an grianghrafadóir sa scoil ar an Chéadaoin 7 Deireadh Fómhair le grianghraif a ghlacadh de pháistí naíscoile, Rang 1 agus Rang 7 amháin. Ní bheidh grianghraif ranga nó teaghlaigh glactha i mbliana.
The photographer will be in the school on Wednesday 7 October to take photos of Naíscoil children, Rang 1 and Rang 7 only. There will be no class or family photos taken this year.



shutterstock · 1173420910




GO RAIBH MAITH AGAIBH!
THANK YOU!



Go raibh maith agaibh uilig as clárú le Parent Pay - laghdaíonn sé ualach oibre Rosaleen….go pointe!!

Thank you to all who registered with Parent Pay—this reduces Rosaleen's workload….a wee bit!!
:



CIANFHOGHLAIM
REMOTE LEARNING POLICY

If you haven't yet had time to view the draft Remote/Blended Learning Policy on the school website we would appreciate you doing so and then completing the survey below.

Your input and feedback is very important.





